



An Bhruiséal, 12 Feabhra 2024  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstiúideach:  
2023/0420(NLE)

---

---

6448/24  
ADD 1

TRANS 63  
MAR 27  
AVIATION 29  
ESPACE 13  
RELEX 181  
EU-GNSS 2  
CSC 76

## NÓTA

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. ón 16594/23 ADD 1  
gCoim.:

---

Ábhar: IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA arna bhunú faoin gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA) maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs nuashonraithe maidir leis an Iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an togra tar éis barúlacha a fháil ón tSeirbhís Dlí. Léirítear na hathruithe a rinneadh le hais 16594/23 ADD 1 i **gcló trom le líne fúthu** i gcás téacs nua a cuireadh isteach, agus le [...] i gcás téacs a scriosadh.

# IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

## TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA, arna bhunú faoin gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA) maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta

Dréacht

**CINNEADH 1/2023 Ó CHOISTE GNSS AE/ASECNA**

**(AN COMHCHOISTE)**

**an XXX 2023**

**lena ndéantar a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh**

TÁ COISTE GNSS AE/ASECNA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA) maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 29 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh an Comhaontú idir ASECNA agus an tAontas Eorpach sa Bhruiséil an 5 Nollaig 2016 agus tá feidhm leis ón 1 Samhain 2018.
- (2) De bhun Airteagal 29(2) den Chomhaontú, ní mór do Choiste GNSS AE/ASECNA ('an Comhchoiste'), a Rialacha Nós Imeachta féin a bhunú.
- (3) Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh meithleacha nó grúpaí saineolaithe a bhunú chun cabhrú leis a chúraimí a chur i gcrích.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 29(4) den Chomhaontú, beidh an Comhchoiste comhdhéanta de thoscairí ó ASECNA agus ón Aontas Eorpach,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Glactar leis seo Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an XXXX 2023 agus i nDacár an XXXX 2023.

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*An cathaoirleach An rúnaí don Aontas Eorpach An rúnaí do ASECNA*

## **Rialacha Nós Imeachta**

### **CHOISTE GNSS AE/ASECNA**

#### **(AN COMHCHOISTE)**

##### *Airteagal 1*

#### **Raon feidhme**

Beidh feidhm ag na rialacha seo maidir le Coiste GNSS AE/ASECNA (an ‘Comhchoiste’) arna bhunú le hAirteagal 29(1) den Chomhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Gníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta, a síníodh sa Bhruiséil an 5 Nollaig 2016, agus atá i bhfeidhm ón 1 Samhain 2018.

##### *Airteagal 2*

#### **Comhdhéanamh an Chomhchoiste**

1. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta, i gcás an Aontais Eorpaigh, de thoscairí ón gCoimisiún Eorpach (‘an Coimisiún’) agus de thoscairí ón nGníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (‘ASECNA’ ). Déanfar tagairt don dá thaobh anseo feasta mar ‘an Páirtí’ ina n-aonar nó ‘na Páirtithe’ go comhpháirteach.
2. Féadfaidh daoine a ghníomhaíonn thar ceann na bPáirtithe a bheith in éineacht le toiscairí na bPáirtithe mar gheall ar a n-inniúlacht shonrach.

### *Airteagal 3*

#### **Cathaoirleacht**

1. Beidh Cathaoirleacht an Chomhchoiste ag na Páirtithe ar feadh tréimhse bliana féilire amháin ar bhonn idirmhalartach.
2. Le linn na bliana féilire a thiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm, gníomhóidh ASECNA mar Chathaoirleach.
3. Ceapfaidh an Páirtí a mbeidh an Chathaoirleacht aige Cathaoirleach an Chomhchoiste agus a a ionadaí nó a hionadaí.
4. Stiúrfaidh an Cathaoirleach oibreacha an Chomhchoiste.

### *Airteagal 4*

#### **Breathnóirí**

Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh, de chomhthoil na bpáirtithe, iarraidh ar dhaoine ina gcáil mar shaineolaithe nó ionadaithe comhlachtaí eile freastal ar chruinniú an Chomhchoiste mar bhreathnóirí chun faisnéis a sholáthar faoi ábhair shonracha. Leagfaidh an Comhchoiste amach na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh breathnóirí mar sin freastal ar na cruinnithe. Ní rannchuideoidh daoine a n-iarraídh an Coiste orthu ina gcáil mar shaineolaithe nó breathnóirí le cinntí agus moltaí a ghlacadh ag cruinnithe an Choiste.

## *Airteagal 5*

### **An Rúnaíocht**

1. Gníomhóidh oifigeach de chuid an Choimisiúin agus oifigeach de chuid ASECNA go comhpháirteach mar Rúnaithe an Chomhchoiste.
2. Beidh an Rúnaíocht freagrach as an gcumarsáid idir na Páirtithe, lena n-áirítear doiciméid a tharchur.
3. Tagann feidhmeanna na rúnaíochta faoi fhreagracht an Pháirtí a bhfuil an Chathaoirleacht aige.

## *Airteagal 6*

### **Cruinnithe den Chomhchoiste**

1. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile de réir mar is gá agus uair amháin sa bhliain, i bprionsabal.

Déanfaidh an Cathaoirleach, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, cruinniú an Chomhchoiste a chomóradh in am agus in áit a chomhaontófar go frithpháirteach. Má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh, féadfar comhdhálacha teileafóin agus físchomhdhálacha a réachtáil freisin.

Tionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú urghnách den Chomhchoiste arna iarraidh sin don Aontas Eorpach nó do ASECNA.

Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile laistigh de 15 lá féilire tar éis iarraidh a fháil faoi Airteagal 29(3) den Chomhaontú.

2. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile sa Bhruiséil nó i nDacár, ag brath ar an bPáirtí a bhfuil an Chathaoirleacht aige, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.
3. Seolfaidh an Cathaoirleach an fógra faoin gcruinniú, mar aon leis an dréachtchlár oibre agus na doiciméid don chruinniú, chuig toscairí na bPáirtithe 21 lá féilire ar a laghad roimh an gcruinniú. Déanfar doiciméid le haghaidh cruinnithe arna dtionól i gcomhréir le hAirteagal 29(3) den Chomhaontú a sheoladh tráth nach déanaí ná 7 lá féilire roimh an gcruinniú.
4. Féadfaidh an Cathaoirleach, i gcomhaontú leis na Páirtithe, na teorainneacha ama a luaitear i mír 3 a ghiorrú chun ceanglais ábhair ar leith a chur san áireamh.
5. Cuirfear comhdhéanamh thoscaireacht gach Páirtí in iúl don Chathaoirleach 7 lá féilire ar a laghad roimh gach cruinniú.
6. Ní cruinnithe poiblí a bheidh i gcruinnithe an Chomhchoiste, mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt.

#### *Airteagal 7*

#### **Clár oibre**

1. Déanfaidh an Cathaoirleach, le cúnaimh ó na Rúnaithe, an clár oibre sealadach le haghaidh gach cruinniú a tharraingt suas.
2. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go n-áireofaí míreanna breise ar an gclár oibre. Tabharfar bunús cuí le haon iarraidh mar sin agus seolfar í i scríbhinn chuig an gCathaoirleach 7 lá féilire ar a laghad roimh an gcruinniú.
3. Formheasfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús an chruinnithe.

## *Airteagal 8*

### **Cruinnithe a reáchtáil**

Áiritheoidh an Cathaoirleach, le cúnaimh ó na Rúnaithe, go gcuirfear na Rialacha Nós Imeachta seo i bhfeidhm, reáchtálfaidh sé cruinnithe agus stiúrfaidh sé na díospóireachtaí agus áiritheoidh sé go bhfuil na díospóireachtaí struchtúrtha agus dírithe ar an ábhar. Tabharfadh an Cathaoirleach cead cainte do na cainteoirí san ord inar chuir siad in iúl gur mian leo labhairt agus féadfaidh sé a iarraidh ar chainteoir a bharúlacha a theorannú don ábhar atá á phlé.

## *Airteagal 9*

### **Meithleacha an Chomhchoiste**

1. Déanfar comhdhéanamh agus feidhmiú na meithleacha nó na ngrúpaí saineolaithe a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 29(4) den Chomhaontú a chomhaontú ar bhonn sainordú arna bhunú ag an gComhchoiste.
2. Cuirfidh na meithleacha nó na grúpaí saineolaithe na Rialacha Nós Imeachta seo i bhfeidhm *mutatis mutandis*.
3. Déanfaidh na meithleacha nó na grúpaí saineolaithe a gcuid oibre faoi údarás an Chomhchoiste dá dtuairisceoidh siad tar éis gach ceann dá gcruinnithe. Níl sé d'údarás acu cinntí a dhéanamh, ach féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.
4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh sainordú na meithleacha nó na ngrúpaí saineolaithe a leasú nó a fhoirceannadh.



## *Airteagal 10*

### **Cinntí agus moltaí**

1. Déanfar cinntí agus moltaí ón gComhchoiste trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe. I dteidil na gcinntí agus na moltaí, luafar ‘Cinneadh’ nó ‘Moladh’, agus ina dhiaidh sin uimhir sheicheamhach, dáta glactha agus tagairt dá n-ábhar.
2. Síneoidh an Cathaoirleach agus na Rúnaithe cinntí agus moltaí an Chomhchoiste agus scaipfear ar na Páirtithe iad.
3. Mura gcuirfidh ceanglais rúndachta bac air sin, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a chinneadh an cinneadh nó an moladh arna ghlacadh ag an gComhchoiste a fhoilsiú i gcomhréir lena rialacha féin. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoin rún atá acu Cinneadh nó Moladh a fhoilsiú.
4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinntí nó a mholtaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh. Is éard a bheidh sa nós imeachta i scríbhinn malartú nótaí idir na Rúnaithe, ag gníomhú dóibh i gcomhaontú leis na Páirtithe. Chun na críche sin, scaipfear téacs an togra de bhun Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta seo, laistigh de theorainn ama nach lú ná 21 lá féilire ina gcuirfear aon fhorchoimeádais nó aon leasuithe in iúl. Féadfaidh Cathaoirleach an teorainn ama sin a laghdú i gcomhairle leis na Páirtithe, chun tosca faoi leith a chur san áireamh. A luaithe a chomhaontófar an téacs, síneoidh an Cathaoirleach agus na Rúnaithe an cinneadh nó an moladh.

## *Airteagal 11*

### **Miontuairiscí**

1. Déanfaidh an Rúnaíocht dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú a tharraingt suas. Léireofar iontu na cinntí a rinneadh agus na moltaí a tarraingíodh suas. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Chomhchoiste lena nglacadh. A luaithe a chomhaontóidh an Comhchoiste an téacs, síneoidh an Cathaoirleach agus na Rúnaithe na miontuairiscí.
2. Déanfar na dréacht-mhiontuairiscí a tharraingt suas laistigh de 21 lá féilire ón gcruinniú agus déanfar iad a thíolacadh lena bhformheas ag an gComhchoiste trí nós imeachta i scríbhinn nó ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste.

## *Airteagal 12*

### **Rúndacht**

Nuair a chuirfidh Páirtí faisnéis atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnaicmithe [...] [...] faoi bhráid an Choiste, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis dá réir. Ní dhéanfaidh na Páirtithe faisnéis rúnaicmithe [...] a mhalartú ach amháin má tá comhaontú mar sin tugtha i gcrích acu. Féachfaidh siad le creat dlíthiúil cuimsitheach comhleanúnach a chur ar bun lena bhféadfar comhaontú mar sin a thabhairt i gcrích.

### *Airteagal 13*

#### **Speansais**

1. Íocfaidh gach Páirtí aon speansais a thabhoíd sé a bhaineann lena rannpháirtíocht i gcrúinnithe an Chomhchoiste agus i gcrúinnithe na meithleacha nó na ngrúpaí saineolaithe.
2. Tiocfaidh an Comhchoiste ar chomhaontú maidir le miondealú na speansas a bhaineann le haon mhisean a shanntar do shaineolaithe.
3. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcrúinniú a sheasfaidh an caiteachas i ndáil le crúinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

### *Airteagal 14*

#### **Comhfhreagras**

Seolfar gach comhfhreagras chuig Cathaoirleach an Chomhchoiste nó ó Chathaoirleach an Chomhchoiste chuig Rúnaíocht an Chomhchoiste.

### *Airteagal 15*

#### **Leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta**

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 10.

### *Airteagal 16*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh na Rialacha Nós Imeachta seo i bhfeidhm ar dháta a sínithe.